# Teorainneacha le Rúndacht

## Cásanna Nuair Nach Féidir Linn Faisnéis a Choinneáil go Príobháideach: Leanaí a Chosaint



**Mínítear sa bhileog seo cén fáth a bhféadfadh go mbeadh ar fhoireann FSS faisnéis íogair nó phearsanta a roinnt chun sábháilteacht agus cosaint leanaí a chinntiú.**

**Tá meas againn ar do cheart chun príobháideachta agus táimid tiomanta do chuid eolais a choiméad slán. Mar sin féin, tá teorainneacha leis an rúndacht seo. I gcásanna áirithe ceanglaítear orainn eolass a roinnt.**


**Má tá imní orainn faoi shábháilteacht nó folláine linbh, b'fhéidir go mbeidh orainn faisnéis a roinnt le Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) nó leis an nGarda Síochána. Tá sé seo riachtanach de réir an dlí chun leanaí a chosaint.**



# Cosaint Leanaí – Ár nOibleagáidí Dlí

Tá sábháilteacht, leas agus fás leanaí agus daoine óga mar thosaíocht ag an FSS. Tá ár gcuid oibre á threorú ag an dlí agus ag an mbeartas, mar shampla:

- An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus
- Tús Áite do Leanaí : An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017


*Number* 36 *of* 2015

**Children First Act 2015**




Is é ár bpolasaí nach mór d’fhoireann uile FSS Tusla a chur ar an eolas nuair a bhíonn forais réasúnacha imní go bhféadfadh leanbh a bheith, á, nó i mbaol go ndéanfaí mí-úsáid nó faillí orthu (díobháil).

Ina theannta sin, ceanglaítear go dlíthiúil ar roinnt d’Fhoireann FSS imní a thuairisciú má chreideann siad go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó má tá baol ann go ndéanfaí díobháil dó.

**In Éirinn, sainítear leanbh sa slí mar aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois.**

## Cén chaoi a gcuirtear ábhair imní in iúl dúinn?

D'fhéadfadh imní faoi leas nó cosaint linbh teacht ar ár n-aird ar bhealaí éagsúla, mar shampla:

- Insíonn leanbh dúinn nó taispeánann siad comharthaí go ndearnadh díobháil dóibh.
- Feicimid nó cloisimid rud a fhágann go gcreidimid go bhféadfadh díobháil a bheith déanta do leanbh, go bhfuil díobháil á dhéanamh dóibh nó go bhfuil siad i mbaol díobhála.
- Insíonn duine éigin go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh dóibh nó go bhfuil siad i mbaol díobhála.
- Insíonn duine fásta go ndearnadh díobháil dóibh agus iad ina leanbh, agus creidimid go bhféadfadh leanbh eile a bheith i mbaol anois nó amach anseo ón duine céanna.

## Cá dtuairiscímid imní?

Is é Tusla an ghníomhaireacht in Éirinn atá freagrach as a chinntiú go bhfuil leanaí sábháilte agus go dtugtar aire

mhaith dóibh. Soláthraíonn siad tacaíocht do theaghlaigh freisin.

Má tá imní orainn faoi leas nó faoi chosaint linbh, ní mór dúinn iad a thuairisciú do Tusla. Is féidir leat níos mó a fhoghlaim faoina ról agus faoina seirbhísí ag:

www.tusla.ie/children-first/

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh orainn imní a thuairisciú don Gharda Síochána, nó d'fhéadfadh Tusla faisnéis a roinnt leo más gá.

## Ní mór dúinn ábhair imní a thuairisciú, fiú amháin sna cásanna seo a leanas:

- Níl aithne againn ar an leanbh ná ar an duine a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh.
- Insíonn tú dúinn gur tuairiscíodh an imní cheana féin do Tusla nó don Gharda Síochána.
- Cinneann tú níos déanaí gur mhaith leat rud éigin a dúirt tú a d'ardaigh imní a thógáil ar ais.

## Do thoiliú agus do chosaint leanaí

De ghnáth pléifimid ár n-imní leat agus míneoimid cén fáth a bhfuilimid ag déanamh tuairisce.

Mar sin féin, níl do thoiliú ag teastáil uainn chun tuairisc a thabhairt. Maidir le cosaint leanaí, ní chuireann an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) cosc orainn faisnéis a roinnt nuair is gá chun leanaí a choinneáil sábháilte.

## Cad a tharlóidh ina dhiaidh?

Tar éis tuairisc a thabhairt, féadfaidh Tusla teagmháil a dhéanamh leat chun tuilleadh eolais a bhailiú. Is é an sprioc atá acu ná an cás a thuiscint go hiomlán ionas gur féidir leo aon leanbh a d’fhéadfadh a bheith i mbaol a chosaint agus tacú leo.

Tá do chomhoibriú tábhachtach. Gan é, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos deacra ar Tusla leanbh a choiméad slán ó dhíobháil.

## Seirbhísí tacaíochta

Tuigimid go bhféadfadh an próiseas seo a bheith deacair duit, agus b'fhéidir go mbeadh tacaíocht uait freisin.

Tá seirbhísí ar fáil chun cabhrú leat. Tá go leor de na seirbhísí seo saor in aisce agus ní gá atreorú a dhéanamh. Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an FSS:

**Tacaíochtaí agus seirbhísí mheabhairsláinte - HSE.ie**

## Cad atá le déanamh má tá imní ort

Má tá imní ort faoi shábháilteacht nó folláine linbh, ná fan i do thost. Tuairiscigh d’imní do Tusla agus/nó don Gharda Síochána.

## Tuilleadh eolais

**Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí FSS, tabhair cuairt ar:**

**www.hse.ie/childrenfirst**

**Scan an cód QR thíos no tabhair cuairt ar https://www.hse.ie/eng/services/list/2/primarycare/childrenfirst/resources/limits-to-confidentiality.html.**

**Aistrítear an bhileog seo go teangacha eile. Scan an cód QR thíos no tabhair cuairt ar https://www.hse.ie/eng/services/list/2/primarycare/childrenfirst/resources/limits-to-confidentiality.html.**

HCF01810